



Your Service  
Your Say

“Ba mhaith  
linn cloisteáil  
uait”

Tá d'aiseolas tábhachtach.  
Cuidíonn sé linn **feabhas  
a chur ár seirbhísí**. Má tá  
**tuairim, moladh** nó **gearán**  
agat cuir é sin in iúl dúinn le  
do thoil.



## Ba mhaith linn cloisteáil uait

Ba mhaith linn seirbhísí sábháilte ardchaighdeáin a chur ar fáil ionas go bhfaighidh tú an cúram agus an chóireáil is fearr. Táimid ag obair chun seirbhís sláinte níos fearr a fhorbairt gach lá. Is féidir leatsa cuidiú linn sin a dhéanamh. Ba mhaith linn cloisteáil uait faoi d'eispéireas agus ár seirbhísí á n-úsáid agat. Cad é a d'oibrigh? Cad é a bhféadfaí feabhas a chur air? Cad é nár oibrigh?

Cuirimid fáilte roimh d'aiseolas agus déanaimid cinnte go bhfaighidh tú freagairt iomlán agus foghlaimeoidimid ó sin.

## Bíodh do Chead Cainte Agat

Tá roinnt bealaí inar féidir leat insint dúinn faoi d'eispéireas:

- Labhair linn anois trí insint do na daoine a bhfuil aire á tabhairt acu duit faoi d'eispéireas.
- Scríobh chugainn tríd an bhfoirm atá ceangailte leis an mbileog seo a chomhlánú. Cuir é sin isteach sa Bhosca Aiseolais, nó tabhair do bhall foirne é le do thoil. Is féidir leat litir a chur go díreach chuig an tseirbhís chomh maith; beidh an fhoireann sásta an seoladh ceart a thabhairt duit.
- Seol ríomhphost chugainn chuig [yoursay@hse.ie](mailto:yoursay@hse.ie)
- Glaoigh orainn ag **1890 424 555** ó 9am-5pm Dé Luain go Dé hAoine. Má tá tú ag glao orainn ó fhón póca, bain úsáid as **045 880400** chun táillí breise a sheachaint.
- Is féidir leat glao a chur ar HSELive chomh maith ar **1850 24 1850** nó **041 6850300**, má tá tú ag baint úsáid as fón póca, chun táillí breise a sheachaint, ó 8am-8pm Dé Luain go Dé hAoine agus 10am-5pm Dé Sathairn.
- Mura bhfuil tú ábalta d'aiseolas a thabhairt dúinn tú féin, is féidir leat a iarraidh ar dhuine a bhfuil muinteartha agat astu, amhail duine muinteartha, cúramóir nó abhcóide é sin a dhéanamh duit.

## Cad é an chéad rud eile?

Má bhí eispéireas maith agat nó má tá moladh agat, roinnfidimid do thuairim nó do mholadh leis an tseirbhís nó le ball foirne ionas gur féidir linn an méid a dhéanaimid go maith a fhorbairt agus rudaí a fheabhsú nuair is gá.

Má bhí droch-eispéireas maith agat inis do bhall foirne é nó don duine a bhfuil do chúram á sholáthar acu. Déanfaidh siad iarracht cuidiú leat ar an toirt, más féidir, nó laistigh de daichead a hocht uair.

Is féidir leat gearán i scríbhinn a dhéanamh chomh maith agus tabharfaimid freagairt ort laistigh de dhá lá ón ngearán sin a fháil. B'fhéidir go gcuirfimis glao ort nó go n-iarrfaimis ort buaileadh linn chun tuilleadh a chloisteáil faoi. Breathnóimid ar do ghearán agus tabharfaimid freagairt ort laistigh de 30 lá oibre nó déanfaimid teagmháil leat chun tuilleadh ama a iarraidh, más gá, agus coinneoidimid cothrom le dáta thú gach 20 lá oibre ina dhiaidh sin chun tú a chur ar an eolas faoi cad atá ag tarlú.

Mura bhfuil tú sásta le toradh do ghearán, is féidir leat athbhreithniú inmheánach ó FSS a iarraidh, nó athbhreithniú seachtrach díreach ón Ombudsman ([www.ombudsman.ie](http://www.ombudsman.ie)) nó ón Ombudsman do Leanáí ([www.oco.ie](http://www.oco.ie)) a iarraidh.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoinár mBeartas Aiseolais ar [www.hse.ie/yoursay](http://www.hse.ie/yoursay).



**Más mian leat aiseolas a chur ar fáil faoinár seirbhís, comhlánaigh an fhoirm seo le do thoil:**

Ainm na seirbhíse:

Ainm an tsuímh (Ionad Sláinte, Oifig Riaracháin, Ospidéal agus láthair e.g. clinic/barda):

Dáta an eispéiris lena mbaineann an t-aiseolas seo:

**D'úsáid Fhoireann FSS Amháin**

Dáta a fuarthas:

Tuairimí/Moltaí/Uimh. Ghearáin:

Suíomh:

Oifigeach na nGearán:

Roghnaigh an cineál aiseolais ba mhaith leat a thabhairt:

Tuairim  Moladh  Gearán

Tabhair d'aiseolas anseo le do thoil:

Ainm:

Seoladh:

Teil:

Ríomhphost:

Dáta:

Má bhaineann d'aiseolas le gearán, cuir cead maidir le rochtain ar fhaisnéis phearsanta in iúl le do thoil:

Tugaim cead leis seo do FSS m'fhaisnéis phearsanta rúnda othair a rochtain chun an gearán seo a imscrúdú.

Cuir tic TUGAIM:  NÍ THUGAIM:

Tabhair do d'aire le do thoil má dhiúltaíonn tú do rochtain ar do thaifid go bhféadfadh sé sin dul i gcion ar imscrúdú iomlán do ghearáin.

Síniú

---

**Labhair** le ball foirne áitiúil

**Ríomhphost** [yoursay@hse.ie](mailto:yoursay@hse.ie)

**Comhlánaigh** an bhileog aiseolais

**Tabhair cuairt** ar [www.hse.ie/yoursay](http://www.hse.ie/yoursay)

**Glaigh** ar 1890 424 555 ó 9am-5pm Dé Luain go Dé hAoine

**Glaigh** ar HSELive ar 1850 241850 ó 8am-8pm Dé Luain go Dé hAoine agus 10am-5pm Dé Sathairn